Limistéar Cathrach Chorcaí

# An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta 2023

Foilsithe i mí an Mhárta 2024




NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

sustrans

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council



# Brollach

## An fhís atá againn do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothar i Limistéar Cathrach Chorcaí



**Clr. Kieran McCarthy, Comhairle Cathrach Chorcaí:**

Mar Ardmhéara ar Chorcaigh, táim an-sásta fáilte a chur roimh chéad Innéacs Siúil agus Rothaíochta Limistéar Cathrach Chorcaí. Clúdaíonn sé réimse leathan tuairimí, sonraí agus fianaise agus tugann sé léargas dúinn ar an gcineál infheistíochta agus bonneagair atá ár gcónaitheoirí ag iarraidh chun Limistéar Cathrach spleodrach a chruthú.

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí tiomanta, trí Phleananna Forbartha Chathair Chorcaí as a chéile, d'fheabhsuithe siúil agus rothaíochta le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair. Áirítear le samplaí feabhsuithe ríochta poiblí Dhroichead Mary Elmes, Ghlasbhealach an Phasáiste agus Shráid Mhic Curtáin. Is feabhsuithe iontacha iad seo go léir dár gcathair.

Is údar mór misnigh é a fheiceáil go mbíonn os cionn leath dár gcónaitheoirí ag siúl nó ag rothaíocht cúig lá sa tseachtain ar a laghad, agus beagnach duine amháin as cúigear ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad.

Tá roinnt tionscadal spreagúil á gcur i bhfeidhm againn, ar nós Promanáid na Muiríne agus bealach taistil ghníomhaigh Pathfinder ó Stáisiún an Cheanntaigh chun an glasbhealach ag Dún Citil a shroicheadh agus ar aghaidh ansin go Mainistir na Corann.

Tá sé eolach a bheith ar an eolas go bhfuil na daoine sin, a roghnaíonn an siúl agus an rothaíocht seachas a bheith ag tiomáint, ag cruthú tairbhe eacnamaíoch os cionn €400m in aghaidh na bliana don Limistéar Cathrach, agus is ionann é sin agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó 230,000 eitilt ó Chorcaigh go Heathrow a shábháil.


Leanfaimid ar aghaidh lenár n-iarrachtaí Corcaigh a dhéanamh ina háit sláintiúil, inbhuanaithe agus galánta dóibh siúd atá ina gcónaí ann, ag obair ann nó ar chuairt ann.

**Clr. Frank O'Flynn, Méara ar Chontae Chorcaí:**



Mar Mhéara ar Chontae Chorcaí, cuirim fáilte roimh an WACI, rud a thugann léargas soiléir ar na deiseanna siúil, rothaithe agus rothaíochta dár gcónaitheoirí agus neartaíonn sé an cás maidir lenár gcuspóirí uaillmhianacha a sholáthar don taisteal gníomhach. Is údar mór misnigh é a bheith ar an eolas go bhfuil siúl agus rothaíocht á roghnú ag ár gcónaitheoirí, agus a dtiomantas á thaispeáint acu dár n-infheistíocht leanúnach sa bhonneagar taistil ghníomhaigh, a chuirimid ar fáil le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair. Áirítear le samplaí Glasbhealach Dhún Citil go Carraig Thuathail agus ár bpleananna uaillmhianacha do Mhainistir na Corann agus Carraig Uí Leighin.

Táimid ag tnúth leis an Innéacs a úsáid chun ár bpleananna a chur i bhfeidhm agus chun Corcaigh níos sásta agus níos sláintiúla a chruthú a mbainfidh ár gcónaitheoirí, cuairteoirí, pobail agus cuideachtaí tairbhe as.



## Clár ábhair


| | |
|---|---|
| **4** | Ceannlínte |
| **6** | Siúl i Limistéar Cathrach Chorcaí |
| **8** | Rothaíocht i Limistéar Cathrach Chorcaí |
| **10** | Tairbhí an tsiúil |
| **12** | Tairbhí na rothaíochta |
| **14** | Réitigh siúil |
| **16** | Réitigh rothaíochta |
| **18** | Réitigh chomharsanachta |
| **20** | Limistéar Cathrach Chorcaí a fhorbairt |
| **22** | An tslí chun cinn |


## An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta

Is éard is an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta ann (Bike Life roimhe seo) an measúnú is mó a ndearnadh riamh ar nósanna daoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar i gceantair uirbeacha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

Is é Subtrans a chuirfidh i gcrích é i gcomhar le 23 cathair agus ceantar uirbeach. Cuireann gach cathair[i] tuarascáil le chéile faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo cuma níos mealltaí a chur ar dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar mar mhodh chun turais laethúla a dhéanamh.

Cuireann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuarascáil le chéile gach dara bliain. Is í seo an chéad tuarascáil ó Limistéar Cathrach Chorcaí a cuireadh le chéile i gcomhpháirt le hÚdarás Náisiúnta Iompair na hÉireann. Na sonraí sa tuarascáil seo, baineann siad leis an mbliain 2023 agus áirítear leo sonraí faoi dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar, samhaltú agus suirbhé neamhspleách ar 1,099 cónaitheoir atá 16 bliana d'aois nó níos sine i Limistéar Cathrach Chorcaí. Ba idir mí Bealtaine agus mí Iúil 2023 a rinneadh an suirbhé seo. Ba chuideachta neamhspleách um thaighde margaidh ar Iompraíocht & Dearcthaí a rinne an suirbhé agus é bunaithe ar shampla ionadaíoch de gach duine sa limistéar faoi thrácht, seachas a bheith dírithe ar choisithe, ar dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothaithe amháin.


Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le muintir Limistéar Cathrach Chorcaí as páirt a ghlacadh sa suirbhé agus a gcuid scéalta a roinnt linn.





Tá breis sonraí faoi na tuarascálacha le fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index. Le haghaidh breis sonraí, féach ar an Uirlis Sonraí Innéacs.

### Gabháil thart ar áis siúil a shainmhíniú

Maidir le daoine a úsáideann áiseanna soghluaisteachta ar rothaí, cathaoir rothaí, cuir i gcás, nó scútar soghluaisteachta, tuigimid nach mbeadh dáimh ag roinnt acu leis an téarma 'siúl' agus seans gur fearr leo an téarma 'gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a shainmhíniú' a úsáid ina áit. Úsáidimid na téarmaí ag siúl agus ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi lena chinntiú go bhfuilimid chomh ionchuimsitheach agus is féidir.

i. Úsáidtear cathair mar théarma uileghabhálach do na cathracha, réigiúin chathracha, limistéir chathracha agus na buirgí a phléitear san Innéacs Siúil agus Rothaíochta.

# Ceannlínte

## Limistéar Cathrach Chorcaí

**Daonra**[i]

327,649


**Limistéar an tsuirbhé**




### Cé chomh minic agus a úsáidtear modhanna taistil éagsúla

Is de shiúl na gcos a théann breis agus leath den phobal i Limistéar Uirbeach Chorcaí.

**Cónaitheoirí a dhéanann turas ar na modhanna taistil seo a leanas cúig uair sa tseachtain ar a laghad i Limistéar Cathrach Chorcaí**




**52%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**18%**
de chónaitheoirí a rothaíonn uair sa tseachtain ar a laghad

### Níl bhíonn an líon céanna daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Ó thaobh luchta cónaithe de, is mór idir roghanna taistil agus tuairimí daoine maidir le siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus rothaíocht i measc grúpaí éagsúla.

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad**

**31%** de dhaoine faoi mhíchumas

**54%** de dhaoine gan mhíchumas

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad**[iii]

**12%** de mhná

**25%** d'fhir

### Ní bhraitheann gach cónaitheoir sábháilte ná go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céadatán na gcónaitheoirí ar dóigh leo go bhfuil sé sábháilte taisteal de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**

**66%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**76%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

**Céatadán na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht mhaith rothaíochta ann**

**49%** de mhná

**50%** d'fhir

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhraitheann ar a suaimhneas agus iad ag siúl, ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar mhaith leo am a chaitheamh ar shráideanna a gceantar féin**

**95%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**91%** de dhaoine geala

Is éard atá i gceist le grúpa socheacnamaíoch ná aicmiú atá bunaithe ar ghairm bheatha arb é an Cumann Taighde Margaidh a choinníonn suas chun dáta é. Is gairmithe agus lucht bainistíochta iad Grúpaí A agus B. Is oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe baile agus daoine dífhostaithe iad Grúpaí D agus E.

i. Daonáireamh POS 2022. Is é seo an leagan is déanaí maidir le Limistéar Cathrach Chorcaí.
ii. Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir cairr, veain nó gluaisrothair. iii. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

## Baineann gach duine tairbhe as nuair a bhíonn níos mó daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Is ionann líon na ndaoine a thaistealaíonn de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar gach lá i Limistéar Cathrach Chorcaí agus **69,000** gluaisteán a bhaint den bhóthar.[iv] Nuair a chuirtear le chéile líon na ndaoine a úsáideann na modhanna taistil seo gach bliain i Limistéar Cathrach Chorcaí:

Seachnaítear
**729**
cás de riocht sláinte-fadtéarmach tromchúiseach

Cruthaítear
**€401.6 milliún**
de tairbhe eacnamaíoch do dhaoine aonair i Limistéar Cathrach Chorcaí

Sábháiltear
**18,000 tonna**
d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa

## Teastaíonn ó lucht cónaithe níos mó turais a dhéanamh de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar agus níos lú tiomána a dhéanamh

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo níos mó tairbhe a bhaint as cineálacha iompair éagsúla amach anseo:**

**Siúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**
**52%** níos mó
**3%** níos lú

**Rothaíocht**
**37%** níos mó
**1%** níos lú

**Dul ar iompar poiblí**
**40%** níos mó
**5%** níos lú

**Tiomáint**
**21%** níos mó
**16%** níos lú

## Teastaíonn níos mó maoinithe ó chónaitheoirí don siúl, rothlú, rothaíocht agus iompar poiblí

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ar áiseanna siúil, do dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar iompar poiblí ina gceantar féin:**

**71%** ar Shiúl nó Gabháil Thart ar Áis a Bhfuil Rothaí Uirthi

**63%** ar rothaíocht

**70%** ar iompar poiblí

**40%** ar thiomáint

## B'ionann breis maoinithe a thabhairt do na háiseanna seo agus an stíl mhaireachtála i gcomharsanachtaí a fheabhsú

**I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Chorcaí:**

**69%** i bhfách le
**18%** i gcoinne
níos mó raonta rothar feadh bóithre, scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**86%** i bhfách le
**3%** i gcoinne
níos mó comharsanachtaí 20 nóiméad a chruthú[v]

**82%** i bhfách le
**6%** i gcoinne
breis comharsanachtaí ísealtráchta-a chruthú[vi]

**80%** a aontaíonn
**10%** nach n-aontaíonn
go bhfeabhsófar a gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás atá ar fáil do dhaoine teacht le chéile, siúl agus ag rothaíocht a dhéanamh ar a bpríomhshráid áitiúil

**81%** i bhfách le
**8%** i gcoinne
cosc ar fheithiclí a pháirceáil ar an gcosán

v. Féach an sainmhíniú ar leathanach 14.
vi. Le haghaidh sainmhíniú féach an cháipéis faoi Mhodheolaíocht.

**64%** i bhfách le
**18%** i gcoinne
infheistíocht a bhogadh ó scéimeanna tógála bóthair chun an siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú

iv. Bunaithe ar an méid siúil, dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, agus rothaíochta a dhéanann cónaitheoirí atá sa teaghlach céanna agus carr acu. Ní áirítear leis seo rothaíocht nó siúl nó turais ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéantar mar chaitheamh aimsire.



# Siúl i Limistéar Cathrach Chorcaí

## Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa siúl agus sa rothlú

### Rannpháirtíocht sa siúl agus sa rothlú

Is minic a thugtar neamhaird ar thuras a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus cúrsaí iompair á bplé. Is amhlaidh a bhíonn in ainneoin gur éifeachtach an bealach é le spás a úsáid, é go maith dár sláinte, leis, agus gur beag tionchar a bhíonn ag na modhanna taistil seo ar an timpeallacht.

**89%**
den lucht cónaithe a dhéanann turas de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**52%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**Inscne**[i]

**52%** de mhná

**51%** d'fhir

**Eitneachas**

**53%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**52%** de dhaoine geala

**Aois**

**70%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**50%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**46%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**50%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**51%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**40%** de dhaoine 66+ d'aois

**Míchumas**

**31%** de dhaoine faoi mhíchumas

**54%** de dhaoine gan mhíchumas

**Grúpa socheacnamaíoch**[ii]

**58%** de AB

**55%** de C1

**52%** de C2

**41%** de DE

ii. Is éard atá i gceist le grúpa socheacnamaíoch ná aicmiú atá bunaithe ar ghairm bheatha arb é an Cumann Taighde Margaidh a choinníonn suas chun dáta é. Is gairmithe agus lucht bainistíochta iad Grúpaí A agus B. Is maoirseoirí/oifigigh cléireachais agus mic léinn iad Grúpa C1. Is oibrithe láimhe oilte iad Grúpa C2. Is oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe baile agus daoine dífhostaithe iad Grúpaí D agus E.

i. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

## Sábháilteacht agus sástacht ag siúl agus ag rothlú

**72%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**60%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do pháistí a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**76%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh

### An céatadán de chónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht siúil nó rothlaithe ina gceantar áitiúil go maith

#### Inscne

**72%** de mhná

**72%** d'fhir

#### Eitneachas

**79%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**71%** de dhaoine geala

#### Aois

**80%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**69%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**70%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**71%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**69%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**72%** de dhaoine 66+ d'aois

#### Míchumas

**71%** de dhaoine faoi mhíchumas

**72%** de dhaoine gan mhíchumas


#### Grúpa socheacnamaíoch

**76%** de AB

**73%** de C1

**72%** de C2

**66%** de DE



**Joanna Dukkipati, Máthair oibre**

Agus mé ag fás aníos in Bombay, níor fhoghlaim mé conas tiomáint, mar ní raibh orm a bheith ag tiomáint. Anois, tá sé costasach agus fadálach ag foghlaim conas tiomáint. Úsáidim iompar poiblí go minic.

Baineann go leor buntáistí sláinte le bheith ag siúl i gCorcaigh, ach tá go leor dúshlán ag baint leis chomh maith. Is í an aimsir ceann acu, chomh maith leis an easpa suíochán chun sos a ghlacadh.

Ba mhaith liom láithreacha suí foscúla, bealaí bus níos rialta, ardaitheoirí do choisithe chun dul in aghaidh an chnoic, rochtain ar leithris phoiblí glana agus crainn a fheiceáil.



# Rothaíocht i Limistéar Cathrach Chorcaí

## Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

### Rannpháirtíocht sa rothaíocht

Ní ghlactar páirt i rothaíocht ar bhonn cothrom. Is mó constaic a chuirtear roimh roinnt daoine má tá fonn rothaíochta orthu. An chonstaic is mó a chuireann daoine ó dhul i mbun rothaíochta is ea sábháilteacht, sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phearsanta san áireamh.[i]

**25%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht

**18%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad**

**Inscne**

**12%** de mhná

**25%** d'fhir

**Eitneachas**

**19%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**18%** de dhaoine geala

**Aois**

**33%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**19%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**18%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**12%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**18%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**5%** de dhaoine 66+ d'aois

**Míchumas**

**2%** de dhaoine faoi mhíchumas

**20%** de dhaoine gan mhíchumas

**Grúpa socheacnamaíoch**

**24%** de AB

**20%** de C1

**18%** de C2

**10%** de DE

i. Tuarascálacha Bike Life na bliana 2019 (cathracha éagsúla).

## Sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

**49%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta don rothaíocht go maith ina gceantar féin

**43%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta go maith do leanaí a bhíonn ag rothaíocht

**53%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le bheith ag rothaíocht

### An céatadán de na cónaitheoirí a cheapann gur maith í an tsábháilteacht don rothaíocht ina gceantar áitiúil

**Inscne**

**49%** de mhná

**50%** d'fhir

**Eitneachas**

**61%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**48%** de dhaoine geala

**Aois**

**60%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**42%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**51%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**45%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**49%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**46%** de dhaoine 66+ d'aois

**Míchumas**

**44%** de dhaoine faoi mhíchumas

**49%** de dhaoine gan mhíchumas

**Grúpa socheacnamaíoch**

**54%** de AB

**50%** de C1

**52%** de C2

**40%** de DE



**Fionn Rogan, Taighdeoir acadúil**

Téim ag rothaíocht don tsiopadóireacht agus mar chaitheamh aimsire, chomh maith leis an gcomaitéireacht.

Tá sé éifeachtúil ó thaobh costas de, íocshláinteach ó thaobh mo shláinte de (sláinte choirp agus meabhairshláinte) agus ní bhíonn mórán tionchair ar an bpláinéad mar gheall air (ó thaobh na timpeallachta de).

Tá an rothaíocht taitneamhach chomh maith: an domhan a fheiceáil i ngiorracht duit, ag bualadh le daoine agus an nádúr, agus ag taisteal gan a bheith buartha faoi bhrú tráchta.

Ní mór do Chorcaigh leanúint ar aghaidh lena líonra rothaíochta a fhorbairt, lena chinntiú go bhfuil sé nasctha, cothabháil níos fearr a dhéanamh ar bhonneagar atá ann cheana, agus soilse tráchta a uasghrádú ionas go mbeidh siad oiriúnach do rothaithe (agus coisithe).



# Tairbhí an tsiúil

## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a shiúlann nó nuair a rothlaíonn níos mó daoine

Is iomaí tairbhe do chách ó thaobh sláinte, geilleagair agus timpeallachta de a eascraíonn as líon na dturas a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Chorcaí.

### Is ionann an fad a théann lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Chorcaí de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gach lá agus dul timpeall an domhain 22 uair

Rinneadh

**127.4 milliún turas**

de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Chorcaí le bliain anuas, arb ionann nuair a chuirtear le chéile iad agus:

**316 milliún ciliméadar**

= **870,000 ciliméadar** sa lá.

Is ionann é sin agus gach cónaitheoir ag caitheamh

**12 lá**

ag siúl nó ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gan stad le bliain anuas.

**Turais bhliantúla siúil agus rothlaithe de réir cuspóra**[i]




### Téann turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi chun tairbhe do lucht cónaithe agus do gheilleagar na háite

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus siúl. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**€0.93 a shábháiltear**

in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi seachas tiomáint go ceann scríbe Chorcaí.

I gcaitheamh bliana amháin sin

**€88.2 milliún**

ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi.

Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Chorcaí


**€364.6 milliún**[ii]



i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais a dhéantar ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht. Taispeántar turais scoile leo féin do leanaí amháin. ii. Airítear leis seo turais a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht, mar aon le turais á ndéanamh ag daoine a bhfuil carr acu nó atá gan charr.

## Tugann siúl agus rothlú buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe an méid a shiúltar i Limistéar Cathrach Chorcaí seachnaítear 660 de riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

### €9.6 milliún a shábháil

don FSS i Limistéar Cathrach Chorcaí in aghaidh na bliana

arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

### 170,000 coinne DG

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach Chorcaí a chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a dhéantar mar chuid den mhéid a shiúltar i Limistéar Cathrach Chorcaí cuirtear

### cosc ar 133 bás luath gach bliain

a mheastar gur fiú

### €1.03 billiún é[iii]

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil turais i gcathaoireacha rothaí agus ar scútair shoghluaisteachta á n-áireamh mar thurais siúil chun críocha na samhlacha MOVES agus HEAT.

Agus daoine ag siúl agus ag rothlú níos mó in ionad a bheith ag tiomáint, feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

### 42,000 kg de $NO_x$

agus

### 5,200 kg de cháithníní

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**90%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil

## Is cabhair iad na turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Chorcaí maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

### Sábháladh 16,000 tonna

d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain trí shiúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin

### 200,000 duine ag fáil eitilte

ó Chorcaigh go Heathrow Londain

Sa bhliain 2021, tháinig **18%** de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear in Éirinn as cúrsaí iompair, agus ar na foinsí is mó de seo bhí úsáid peitril agus díosail i mbun iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompair.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coimeádann siúl agus dul ar áis a bhfuil rothaí uirthi Limistéar Cathrach Chorcaí ag imeacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach Chorcaí a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.

### 65,000 turas fillte

a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Chorcaí ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

### 311 ciliméadar

fad slí arb ionann é agus an fad slí idir Corcaigh agus Droichead Átha.



iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.

iii. Bunaithe ar EDS/Uirlis um Shláinte Gheilleagrach na hEorpa a Mheas (HEAT), lenar féidir measúnú a dhéanamh ar an maitheas a dhéantar don tsláinte trí mheastachán a dhéanamh ar an laghdú ar an ráta báis a tharla de bharr an méid a siúladh.



# Tairbhí na rothaíochta

## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a bhíonn níos mó daoine ag rothaíocht

**Is ionann an méid rothaíochta a rinne lucht cónaithe Limistéar Cathrach Chorcaí agus 3 turas timpeall an domhain gach lá**

Rinneadh


**7 milliún turas**
rothaíochta i Limistéar Cathrach Chorcaí le bliain anuas

Is ionann sin agus

**43.4 milliún ciliméadar**

= **120,000 ciliméadar** sa lá

**Turais bhliantúla rothaíochta de réir na cuspóra i Limistéar Cathrach Chorcaí[i]**




**Téann an rothaíocht chun tairbhe do chónaitheoirí agus don gheilleagar áitiúil**

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus rothaíochta. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**Sábháiltear €1.40**
in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar ar rothar seachas tiomáint go ceann scríbe i Limistéar Cathrach Chorcaí.

I gcaitheamh bliana amháin, is é sin suas le

**€17.4 milliún**
ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile ar rothar.

Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas rothaíochta i Limistéar Cathrach Chorcaí


**€37 milliún[ii]**



i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais fóillíochta. Taispeántar turais oideachais do dhaoine fásta agus do leanaí astu féin. Baineann na turais eile ar fad le daoine fásta amháin. ii. San áireamh leis sin tá turais ar rothair ar mhaithe le taitnimh nó folláine, agus turais chuig cinn scríbe ag daoine a bhfuil carr acu agus nach bhfuil carr acu.

## Tugann rothaíocht buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe na rothaíochta i Limistéar Cathrach Chorcaí, seachnaítear 70 de riocht sláinte trom fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

**€1.1 milliún a shábháil**

don FSS i Limistéar Cathrach Chorcaí in aghaidh na bliana



arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

**20,000 coinne DG**

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach Chorcaí a chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a bhaineann le rothaíocht i Limistéar Cathrach Chorcaí cuirtear

**cosc ar 6 bhás luath gach bliain**

lena meastar luach

**€47.5 milliún**[iii]

iii. Bunaithe ar Uirlis Mheasúnaithe Eacnamaíoch don tSláinte (HEAT) de chuid EDS/na hEorpa, a chumasaíonn measúnú eacnamaíoch ar na buntáistí sláinte a bhaineann le rothaíochta trí luach na básmhaireachta laghdaithe a eascraíonn as méideanna sonraithe rothaíochta a mheas.

Agus daoine ag rothaíocht níos mó in ionad a bheith tiomáint feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

**5,000 kg de $NO_x$**

agus

**615 kg de cháithníní**

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**90%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



## Is cabhair iad na turais rothaíochta i Limistéar Cathrach Chorcaí maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

**2,100 tonna**

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) a shábháiltear gach bliain trí rothaíocht in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin de



**27,000 duine ag fáil eitleán**

ó Chorcaigh go Heathrow Londain

Sa bhliain 2021, tháinig **18%** de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear in Éirinn as cúrsaí iompair, agus ar na foinsí is mó de seo bhí úsáid peitril agus díosail i mbun iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompair.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coinníonn an rothaíocht i Limistéar Cathrach Chorcaí ag gluaiseacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach Chorcaí a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.


**4,500 turas rothaíochta fillte**

a dhéantar i Limistéar Cathrach Chorcaí ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

**22 ciliméadar**

fad slí arb ionann é agus an fad slí idir Ard-Oifig an Phoist Chorcaí agus Mainistir na Corann.



iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts.
Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.



# Réitigh siúil

## Cad é a chuideodh le siúl agus gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh níos éascú?

**Teastaíonn níos mó seirbhísí agus conláistí ó chónaitheoirí laistigh d'achar siúil agus rothlaithe**

Go hidéalach, ba cheart go mbeadh siúl nó ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi ar an rogha is tarraingtí do thurais ghearra. D'fhéadfadh limistéar tacú leis sin trína chinntiú go mbeidh go leor de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine ar fáil gar don áit ina gcónaíonn daoine. Ba chóir go mbeadh an timpeallacht sábháilte, compordach agus fáiltiúil.

Áiteanna is ea iad comharsanachtaí 20 nóiméad ónar féidir leat siúl ó do theach chuig go leor de na rudaí a theastaíonn uait ar bhonn rialta (amhail siopaí, páirceanna, scoileanna) agus ar ais arís laistigh de 20 nóiméad.

**Cén céatadán cónaitheoirí nár mhiste leo níos mó áiseanna agus seirbhísí áitiúla a bheith ann chun cabhrú leo siúl nó rothlú níos mó?**

**69%**
Níos mó siopaí agus seirbhísí laethúla, amhail bainc agus oifigí poist, gar do do theach

**69%**
Níos mó seirbhísí, amhail ionaid sláinte dochtúirí agus scoileanna, gar do do theach

**77%**
Níos mó páirceanna nó spásanna glasa gar do do theach

**75%**
Tuilleadh rudaí le feiceáil agus le déanamh gar do do theach, amhail caiféanna nó ionaid siamsaíochta


**Tá 15%**
de theaghlaigh Chorcaí i gcomharsanachtaí ina bhfuil níos mó ná 40 teach in aghaidh an heicteáir.

Sna comharsanachtaí ard-dlúis sin, is féidir gnólachtaí áitiúla a choinneáil ar bun agus bealaí iompair phoiblí a chothú ar bhealach níos éasca. Cuidíonn sé sin le spleáchas ar charranna a laghdú.[i]

**Aontaíonn 70%**
gur féidir leo dul chuig go leor áiteanna a gcaithfidh siad cuairt a thabhairt orthu gan tiomáint go héasca

**Céatadáin na dteaghlach laistigh de raon 800m de na taitneamhachtaí seo a leanas**

Bunaítear é sin mar fhad dírlíne, seachas an fad siúil iarbhír bunaithe ar leagan amach sráide ar dócha go mbeidh sé níos faide (coibhéis thar ar 960m).




i. Sustrans, 2017. Taisteal Gníomhach agus Iompar Poiblí a Nascadh le Fás agus le Pleanáil Tithíochta.
ii. Trí chineál ionad cultúrtha agus fóillíochta ar a laghad, amhail caiféanna, tithe tábhairne, hallaí biongó, pictiúrlanna, músaeim.

## Teastaíonn sráideanna níos fearr ó chónaitheoirí

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus ár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáiltiúil agus compordach do gach duine chun siúl nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi iontu.

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na hathruithe seo leo siúl nó rothlú níos mó?

**70%** Cosáin níos leithne

**73%** Trasrianta bóthair níos rialta, le hamanna feithimh laghdaithe

**78%** Áiteanna níos deise ar feadh sráideanna chun stopadh agus scíth a ligean, amhail níos mó binsí, crann agus foscadán

**78%** Inrochtaineacht níos fearr ar chosáin, amhail dromchlaí cothroma, colbhaí tite ag pointí trasnaithe

**69%** Níos lú carranna páirceáilte ar an gcosán

**69%** Níos lú eagla roimh choireacht nó iompar frithshóisialta ina gceantar

I Limistéar Cathrach Chorcaí:


**21%** de bhóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 3m acu[iii]

**30%** de na mionbhóithre a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 2m acu

**90%**
de chónaitheoirí a aontaíonn dá ndéanfaí níos mó beart chun coireacht agus iompar frithshóisialta ar an tsráid nó i spásanna poiblí a laghdú go bhfeabhsófaí a gceantar áitiúil



iii. Is príomhbhóithre iad bóithre náisiúnta agus bóithre réigiúnacha. Rinneadh leithid cosáin a ríomh le húsáid a bhaint as sonraí Prime II de chuid Thailte Éireann (SOÉ roimhe seo) ceadúnaithe faoin gComhaontú Náisiúnta um Léarscáiliú: CYAL50370872 © Tailte Éireann – Suirbhéireacht. Ní chuirtear baic, amhail stadanna bus nó boscaí bruscair san áireamh i leithead an chosáin.



**Nicola Meacle, Oibrí forbartha pobail**

Tá mo chuid taithí, mar úsáideoir chathaoir rothaí leictreach, maith den chuid is mó. Is seanchathair í Corcaigh, ach rinneadh an-chuid de na cosáin a leathnú cúpla bliain ó shin. Tá roinnt acu ann fós atá an-chaol, ar nós an cosán gar don Ollscoil, áit ina bhfuil mo dhochtúir ginearálta (DG).

Ó a bhí an dianghlasáil i bhfeidhm, tá na sráideanna lán le troscán sráide. Is rud iontach é seo le feiceáil, ach caithfidh siad spás a fhágáil do choisithe.

Uaireanta, cuirtear síneadh sealadach leis chun an cosán a leathnú, ach ní bhíonn sé cothrom i gcónaí. Más rud é go bhfuil mé i m'aonar, bíonn an uillinn róchasta dom a stiúradh.

Ba mhaith liom dá mbeadh cathaoireacha rothaí in ann dul isteach i lánaí rothar más rud é nach bhfuil an cosán oiriúnach do chathaoireacha rothaí ag gach ceann agus, thar aon rud eile, ba mhaith liom dá gcuirfí deireadh le gluaisteáin ag páirceáil ar chosáin. Is crá croí ceart é.



# Réitigh rothaíochta

## Cad é a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?

### Is mian le go leor cónaitheoirí i Limistéar Cathrach Chorcaí dul ag rothaíocht

**Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin i dtaca le rothaíocht de?**




**Cén céatadán de chónaitheoirí a dúirt 'nach mbíonn siad ag rothaíocht ach gur mhaith leo dul ag rothaíocht'?**

**23%** de mhná

**40%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**12%** de dhaoine faoi mhíchumas

### Teastaíonn bonneagar rothaíochta feabhsaithe ó chónaitheoirí

**Cén céatadán de chónaitheoirí a dhéanfadh níos mó rothaíochta dá mbeadh áiseanna níos fearr ann?**


**64%**
Níos mó bealaí rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí

**62%**
Níos mó raonta rothar feadh bóithre atá scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**63%**
Níos mó bealaí rothaíochta áitiúla le comharthaí feadh sráideanna níos ciúine


**61%**
Naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil shlán rothair ag stáisiúin traenach, stadanna bus/stáisiúin

**69%**
de chónaitheoirí a thacaíonn le níos mó raonta rothaíochta atá scartha go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe a thógáil, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre



## Teastaíonn níos mó tacaíochta ó chónaitheoirí chun rothaíocht

**Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na cineálacha tacaíochta seo leo rothaíocht níos mó?**




### Scéim um fhruiliú rothar i Limistéar Cathrach Chorcaí[i]

**662**
rothar roinnte

**34**
stáisiún fruilithe rothar

**119,216**
turas bliantúil

### Goid rothair tuairiscithe

Tuairiscíodh gur goideadh **726** rothar i Limistéar Cathrach Chorcaí sna blianta 2022/23.

**874** sna blianta 2021/22

I gcás gach **162** duine ag a bhfuil rothar duine fásta i Limistéar Cathrach Chorcaí, tuairiscíodh gur goideadh **1** rothar le bliain anuas.

### Céatadáin na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar duine fásta


**45%** de chónaitheoirí

**26%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**59%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

Tá **85%** de chónaitheoirí i bhfabhar lascainí airgeadais do dhaoine ar ioncam íseal nó nach bhfuil i bhfostaíocht chun cuidiú leo rothar a cheannach

**26%** de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó shiopa rothaíochta[ii]



### Arundhathi Krishnan, Ollamh le mata

Is meascán mearaí í an rothaíocht i gCathair Chorcaí. Mar shampla, bíonn an chuid is mó de mo thuras go stáisiún an Cheanntaigh ar bhonneagar rothaíochta scartha anois. Tá roinnt naisc atá in easnamh, áfach, rud a mbíonn dúshlánach agus é fliuch agus dorcha, agus nuair a bhíonn tiománaithe mífhoighneach.

Tá codanna eile den chathair a dhéanaim mo mhachnamh go cúramach faoi sula dtéim ag rothaíocht ann mar gheall ar an easpa lánaí rothaíochta sábháilte. Tá codanna áirithe den chathair iontach, ar nós Glasbhealaí na Dúcharraige agus Chaol Churraichín.

D'fhoghlaim mé conas rothaíocht mar dhuine fásta agus is breá liom an t-áthas agus an tsaoirse a thugann sé dom, chomh maith leis an aclaíocht saor in aisce.

Rud a chabhródh go mór le mo thaithí rothaíochta ná bonneagar rothaíochta leanúnach i dtuilleadh codanna na cathrach agus iompar níos íogaire ó thiománaithe.

i. Clúdaítear sna sonraí Iúil 2022 – Meitheamh 2023.
ii. © Rannpháirtithe OpenStreetMap.




# Réitigh chomharsanachta

## Cad é a chabhródh le comharsanachtaí a dhéanamh níos fearr?

### Ba chóir go mbraithfeadh gach cónaitheoir go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn compordach ag siúl, ag rothlú nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gceantair**

**91%**
de chónaitheoirí

**91%** de mhná

**91%** d'fhir

**95%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**91%** de dhaoine geala

**90%** de dhaoine faoi mhíchumas

**91%** de dhaoine gan mhíchumas

**85%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**94%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

### Is féidir le ceannas mótarfheithiclí siúl, rothlú agus rothaíocht a dhíspreagadh

**68%** de chónaitheoirí a shíleann nach bhfuil a sráideanna faoi smacht ag mótarfheithiclí a bhíonn ag gluaiseacht nó páirceáilte.

**Ach bheadh níos lú mótarfheithiclí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**62%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**55%** Taisteal níos mó ar rothar

Níl mionbhóithre ísealúsáide deartha chun tréthrácht a iompar, ach i Limistéar Cathrach Chorcaí níl aon rud le cosc a chur ar **19%** dá fhad iomlán. D'fhéadfadh cóngar sciuirde a bheith mar thoradh air sin.[i]

**77%** a aontaíonn go mbeadh a gceantar níos fearr as dá gcuirfí srian ar thréthrácht ar shráideanna cónaithe áitiúla.

**Ach luasteorainn 30km/u a bheith ag níos mó sráideanna chabhródh sé le cónaitheoirí chun:**

**69%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**58%** Taisteal níos mó ar rothar

### Teastaíonn ó chónaitheoirí gur spásanna níos fearr do dhaoine chun am a chaitheamh iontu a sráideanna áitiúla


**80%**
a aontaíonn go ndéanfaí áit níos fearr dá gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás do dhaoine a bheith ag sóisialú, ag siúl agus ag rothaíocht ar a bpríomhshráid áitiúil

**83%**
a aontaíonn go ndéanann siad comhrá rialta lena gcomharsana, níos mó ná beannú dóibh go díreach

**82%**
a thacaíonn le comharsanachtaí íseal-tráchta

i. Bunaithe ar anailís arna déanamh ag CycleStreets www.lowtrafficneighbourhoods.org. Is iad mionbhóithre ísealúsáide na cinn a rangaítear mar 'mhionbhóithre nach bhfuil chomh suntasach' ar OpenStreetMap.

## Paul Manning, Úinéir gnó



Tá caifé agam feadh Rotharbhealach Dhún Citil go Carraig Thuathail. Tá aistriú dochreidte déanta ar stráice bóthair a bhí an-dainséarach.

Is áis iontach í do na daoine áitiúla, nó daoine a thagann as ceantair eile atá ag iarraidh áit shábháilte le dul ag siúl.

Roimhe seo, bhíomar beagnach 100% ag brath ar thrácht gluaisteáin. Ó suiteáladh an cosán, chonaiceamar méadú ollmhór ar thrácht coise.

Áirítear leis sin siúlóirí, bugaithe agus rothaithe. Tá sé luath fós, mar níl ann ach cúpla mí ó osclaíodh é, agus cúpla seachtain ó cuireadh isteach soilsiú.

D'athraíomar ár gcuideachta chun teacht leis an áis nua agus le déimeagrafach an chustaiméara. Bialann ar thaobh an bhóthair a athrú ina shiopa caife nua-aimseartha. Tá sé luath fós, ach tá gach cosúlacht air go bhfuil sé an-rathúil.

## Ní mór cuimhneamh ar leanaí agus comharsanachtaí á ndearadh

Ba chóir go mbeadh comharsanachtaí ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí neamhspleáchas a mhéadú, spás a chur ar fáil chun súgradh agus bualadh le chéile, agus an turas chun na scoile a fheabhsú.

Má dhearaimid comharsanachtaí agus leanaí ar intinn againn, oibreoidh siad níos fearr do gach duine eile freisin.

**11 bhliain d'aois**
an mheánaois a ligfeadh daoine dá gcuid leanaí siúl nó rothaíocht go neamhspleách ina gcomharsanacht.

Tá cead ag **80%** de leanaí seacht mbliana d'aois sa Ghearmáin dul ina n-aonar chuig áiteanna faoi fhad siúil, seachas an scoil.[ii]

**82%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil spás ann do leanaí sóisialú agus súgradh

**57%** de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó chlós súgartha do leanaí

I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Chorcaí:

**61%** a aontaíonn

**20%** nach n-aontaíonn

dá ndúnfaí sráideanna lasmuigh de scoileanna áitiúla ar charranna le linn amanna fágála agus bailithe go gcuirfí feabhas ar a gceantar áitiúil.

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéim Sráideanna Scoile i 0 scoil i Limistéar Cathrach Chorcaí.[iii]

Chomh maith leis sin, féach Bealaí Sábháilte chun na Scoile ar leathanach 23.



ii. Soghluaisteacht Neamhspleách Leanaí: comparáid idirnáisiúnta agus moltaí le haghaidh gníomhaíochta, 2015.
iii. Tá an figiúr atá tugtha i gceart amhail an 31 Bealtaine 2023.



# Limistéar Cathrach Chorcaí a fhorbairt

## Athruithe le déanaí i dtaca le siúl, rothlú, rothaíocht agus comharsanachtaí

Is bealach iontach é Taisteal Gníomhach chun dul chuig áiteanna éagsúla, agus ag an am céanna a bheith aclaí, truailliú a laghdú agus airgead a shábháil. Téann taisteal gníomhach chun tairbhe don duine aonair agus don chathair araon. Tá Limistéar Cathrach Chorcaí comhdhéanta de gach cuid de Chomhairle Cathrach Chorcaí (CCC) agus codanna de Chomhairle Contae Chorcaí (CCo). Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) i gcomhar leis na comhairlí sin maidir le tionscadail um Thaisteal Gníomhach a sholáthar. Áirítear leis sin forbairt ar lánaí rothaíochta leithscartha agus cosáin leathnaithe, droichid nua siúil agus rothaíochta, agus trasbhealaí nua do choisithe.

Cuireann na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 de chuid an Rialtais taca faoi obair Chlár um Thaisteal Gníomhach an ÚNI. Ceann de na príomhaidhmeanna a luadh ná líon na líonraí siúil agus rothaíochta a mhéadú ionas gurb ionann siúl, rothaíocht agus iompar poiblí agus 50% de na turais go léir a dhéanfar faoin mbliain 2030. Maoiníonn an Roinn Iompair na tionscadail trí Chlár um Thaisteal Gníomhach an Údaráis Náisiúnta Iompair agus déanann na hÚdaráis Áitiúla iad a bhainistiú agus a sholáthar.

Bunaíodh foireann Taistil Ghníomhaigh i gComhairle Cathrach Chorcaí sa bhliain 2011 chun tionscadail a mhaoinigh an ÚNI a sholáthar. Suas go dtí deireadh na bliana 2022, infheistíodh €92 milliún i scéimeanna taistil ghníomhaigh. Ghlac Comhairle Contae Chorcaí leis an gclár bliain ina dhiaidh sin, sa bhliain 2012, agus go dtí seo, d’infheistigh sé €42 milliún.

Ón mbliain 2020 ar aghaidh, tháinig méadú suntasach ar an ráta infheistíochta, agus roinnt tionscadal iompair gníomhach á soláthar a chuireann tuilleadh deiseanna ar fáil don siúil agus don rothaíocht ar fud an limistéir cathrach.

> “”
>
> Cuireann na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 de chuid an Rialtais taca faoi obair Chlár um Thaisteal Gníomhach an ÚNI.



## Glasbhealach an Phasáiste (Machain go dtí An Mhuiríne)

Osclaíodh Glasbhealach an Phasáiste Céim 1 sa bhliain 2022 agus cuireann sé conair ardchaighdeáin comaitéireachta agus fóillíochta de 3km ar fáil idir an ceantar dugaí theas agus Machain in oirthear na cathrach.

Nascann sé le Promanáid na Muiríne, áit a bhfuil ina bhealach tiomnaithe siúil agus rothaíochta ón mbliain 2020.

Táthar ag súil go gcuirfear tús le tógáil chun an beart seo a dhéanamh buan sa bhliain seo chugainn, agus nasc ardchaighdeáin á chur ar fáil go dtí an Dúcharraig.

Áirítear leis an tionscadal seo, 2,000 crann a chur, áiteanna súgartha a chur isteach agus struchtúir iarnróid stairiúla a athchóiriú.



## Sráid Mhic Curtáin – Feabhsúcháin Taistil Ghníomhaigh agus Iompair Phoiblí

Osclaíodh Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí agus Taistil Ghníomhaigh Shráid Mhic Curtáin i mí na Samhna 2023. Tá sé mar aidhm aige gníomhaíocht gheilleagrach a thacú agus rochtain ar lár na cathrach a fheabhsú trí dhearadh feabhsaithe suntasach.

Clúdaíonn an tionscadal seo ceantair in aice láimhe, lena n-áirítear na Céanna, Droichead Christy Ring, Bóthar Uí Mhaolchraoibhe agus Siulán na hArdeaglaise.

Tá uasghráduithe ar bhonneagar coisithe agus rothaíochta, tosaíocht bus, chomh maith le soilse poiblí nua agus crainn á gcur ar fáil. Tá sé ar intinn teorainneacha luais a laghdú go 30km/u ar Shráid Mhic Curtáin, Sráid an Droichid agus Sráid Coburg, taobh le hathruithe tráchta sa cheantar.



## Dún Citil go dtí An Gleanntán

Osclaíodh sé chiliméadar de bhonneagar taistil ghníomhaigh ardchaighdeáin idir Dún Citil agus an Gleanntán sa bhliain 2023. Nascann an scéim Bóthar Dhún Citil le The Elm Tree sa Ghleanntán, agus iompar sábháilte, deas agus éifeachtach á chur ar fáil so chónaitheoirí ar bhruachbhailte thoir na cathrach.

Áirítear leis an tionscadal plandú, binsí agus soilse poiblí, agus nascann sé ceantair chónaithe le siopaí, scoileanna agus stáisiúin traenach san Oileán Beag agus sa Ghleanntán. Is é an chuid is déanaí de chuid thionscadal Ghlasbhealach Chorcaí go Port Láirge.



# An tslí chun cinn

## Sráideanna agus áiteanna níos fearr do chách

### Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí (SICCC)

Foilsíodh SICCC sa bhliain 2020. Leagann sé amach creat do líonra iompair inrochtana, ardchaighdeáin agus comhtháite a sholáthraíonn d'éileamh taistil agus fás inbhuanaithe Limistéar Cathrach Chorcaí mar phríomh-inneall fáis Réigiún an Iardheiscirt. Is é ceann de chuspóirí na straitéise seo ná cultúr rothaíochta láidir a chruthú i Limistéar Cathrach Chorcaí. Áirítear leis sin an beart atá beartaithe chun 'líonra rothaíochta atá sábháilte, cuimsitheach, tarraingteach agus inléite a sholáthar.'

### Clár Pathfinder: Corcaigh go Port Láirge

Is éard atá i gceist le nasc taistil ghníomhaigh idir Corcaigh agus Port Láirge ná ceann amháin de thrí phríomhthionscadal 'Tionchar Náisiúnta' de chuid an Chláir Pathfinder faoin mBeartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí ag obair leis an ÚNI agus TII chun a chuid ó lár na cathrach a sholáthar go hEochaill, agus scéimeanna Shráid Mhic Curtáin agus Dhún Citil go dtí An Gleanntán, atá leagtha amach thuas, soláthartha cheana féin. Tá dearaí á bhforbairt ag an gcathair do Stáisiún an Cheanntaigh go Dún Citil, agus tógáil ar siúl faoi láthair ag an gContae ar an nasc ón nGleanntán go Carraig Tuathail.

### Sráideanna do Choisithe Amháin a dhéanamh de Shráideanna i Lár na Cathrach

Tá go leor sráideanna i gCathair Chorcaí atá do choisithe amháin go buan anois, i ndiaidh trialacha rathúla sa bhliain 2020. Chuir sé sin le sábháilteacht agus soghluaisteacht i lár na cathrach, chomh maith le cúnamh a thabhairt do chuideachtaí áitiúla trí spás allamuigh a chur ar fáil dóibh. Tá Sráid Pheambróg agus Sráid San Proinsias do choisithe amháin anois, agus tá sráideanna eile ann a bhfuil síntí ama suntasacha curtha lena n-uaireanta do choisithe amháin. Lasmuigh de lár na cathrach, tá aistriú comhchosúil déanta ar Phromanáid na Muiríne.

"Tá go leor sráideanna i gCathair Chorcaí atá do choisithe amháin go buan anois, i ndiaidh trialacha rathúla sa bhliain 2020. Chuir sé sin le sábháilteacht agus soghluaisteacht i lár na cathrach, chomh maith le cúnamh a thabhairt do chuideachtaí áitiúla trí spás allamuigh a chur ar fáil dóibh."

## Bealaí Sábháilte chun na Scoile

Ghlac Contae Chorcaí leis an gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile go luath agus chuir sé a chéad dhá Chrios Scoile ar fáil. Cuireadh an chéad cheann ar fáil ag Scoil Phádraig Naofain, Droichead na Bandan, agus an dara ceann ag Bunscoil Rinn an Chabhlaigh, An Cóbh. Moladh an scéim mar chur chuige iomlánaíoch a bhfuil mar aidhm aici tabhairt faoi shaincheisteanna um shábháilteacht ar bhóithre agus iompar agus áit tharraingteach a chruthú do scoláirí agus don phobal i gcoitinne.

## Scéimeanna atá le Teacht

Cuirfear tús leis an tógáil sa bhliain 2024 ar na hoibreacha buana feadh Phromanáid na Muiríne, agus é á nascadh leis an nDúcharraig.

Táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibreacha freisin sa bhliain 2024 ar scéim taistil ghníomhaigh ar Bhóthar na Sceiche Airde agus ar Bhóthar Rinn Mhachan, agus sa dá cheantar chónaitheacha eatarthu, chun rochtain ardchaighdeáin a sholáthar ar an dá scoil sa cheantar.

Cuirfidh an scéim taistil ghníomhaigh Bhaile an Churraigh go Mainistir na Corann bealach siúil agus rothaíochta comhúsáide sainithe ar fáil ó Bhaile an Churraigh go Mainistir na Corann, agus Céim 1, ar Bhóthar Bhéal Lice, curtha i gcrích den chuid is mó.

**Patrick Murray, Úinéir gnó**



Chuir mé tús leis an athrú ó ghluaisteáin a dhíol go rothair leictreacha a dhíol sa bhliain 2010. Ní raibh sé sin éasca, mar bhí orainn deartháireacha sa chlann, a bhí dírithe ar ghluaisteáin, a chur ina luí orthu athrú. Táimid bródúil anois, áfach, go bhfuil dhá cheann de na seomraí taispeántais is mó in Éirinn atá tiomnaithe do rothair leictreacha againn.

Léirigh mo thaithí ar rothair leictreacha a dhíol i gCathair Chorcaí go bhfuil dul chun cinn ar iontaofacht agus dearadh rothar leictreach á gcur ar chumas rothair leictreacha a bheith mar nuálaí le haghaidh Taisteal Gníomhach, nuair atá sé de dhíth ar an domhan.

Chuir na bearta a rinne Comhairle Cathrach Chorcaí le linn na paindéime borradh faoi na feabhsúcháin maidir le bonneagar rothaíochta sábháilte sa chathair.

Rud a bhí mar phróiseas mall agus drogallach, ghlac sé práinn níos mó agus thosaigh meonta ag athrú i bhfabhar an Taistil Ghníomhaigh ó thaobh na polaitíochta de agus i measc an phobail.

Spreag an líonra lánaí rothar scartha a bhíonn ag méadú i gcónaí, daoine nua le dul ag rothaíocht; ach, i mo thuairim, tá nádúr scoilte an bhonneagair rothaíochta sábháilte i gCorcaigh fós mar bhacainn.

**Nótaí maidir leis an modheolaíocht:**

Rinne cuideachta neamhspleách taighde margaidh 'Behaviour & Attitudes' an suirbhé dearcaidh ó mhí Bealtaine go dtí mí Iúil 2023.

Déantar léargas sa suirbhé ar gach cónaitheoir i Limistéar Cathrach Chorcaí, ní orthu siúd a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi nó ag rothaíocht amháin.

Faightear na sonraí eile go léir ónár gcomhpháirtithe cathrach, tacair sonraí náisiúnta nó déanann Sustrans iad a shamhaltú agus a ríomh.

Úsáidtear samhail a d'fhorbair Sustrans i meastacháin turais. Nuair a dhéantar comparáid le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt éagsúlachta a bheith ann maidir le céatadán na dturas a dhéantar de réir chuspóir an turais.

Baineadh úsáid as slánú tríd an tuarascáil. In go leor cásanna, rinneamar na figiúirí a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire. Seachnaítear slánú sa chás go bhféadfadh sé bheith ina chúis le mearbhall, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a léirítear i roinne na hachoimre agus na sochar.

Tá tuilleadh eolais agus modheolaíocht mhionsonraithe ar fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index

---

Déanann Sustrans níos éasca é do gach duine dul ag siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí orthu agus dul ag rothaíocht.

Oibrímid ar son pobal agus le pobail, ag cuidiú le beocht a chur iontu trí shiúl, gabháil thart ar áiseanna a bhfuil rothaí orthu agus rothaíocht chun áiteanna níos sláintiúla agus saolta níos sona a chruthú do chách.

Bígí linn ar ár dturas. www.sustrans.org.uk

Is carthanas cláraithe é Sustrans sa Ríocht Aontaithe Uimh. 326550 (Sasana agus an Bhreatain Bheag) SC039263 (Albain)

© Sustrans Márta 2024
© Grianghraif: Sarah Kate Photography, ach amháin lth2 (Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Chontae Chorcaí), lth7 (Joanna Dukkipati), lth9 (Fionn Rogan), lth10 (Darren Forde/Comhairle Chontae Chorcaí), lth15 (Nicola Meacle), lth16 & lth 21 (Comhairle Chontae Chorcaí/ÚNI), lth17 (Arundhathi Krishnan), lth19 (Paul Manning) agus lth23 (Patrick Murray).

Buíochas le Seirbhís na mBealaí Oscailte as a dtacaíocht lena mbreiseán iseacróin in QGIS.

---

Tá an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta i Limistéar Cathrach Chorcaí á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an tionscadal á chomhordú ag Sustrans agus tá tacaíocht faighte aige ó Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Chontae Chorcaí.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

